Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14417/23**

**LIMITE**

**IXIM 196**
**CRIMORG 141**
**ENFOPOL 434**
**ENFOCUSTOM 112**
**JAI 1338**
**N 85**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8796/23, 8798/23, 8912/23 |
| Ábhar: | 'Comhaontú Prüm' leis an Iorua – Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcinntear an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí a sholáthar don Iorua |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, dréacht an Chinnidh Cur Chun Feidhme thuasluaite ón gComhairle.

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le cinneadh, faoi Airteagal 8(10) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí a sholáthar don Iorua**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/482/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis[1],

1 IO L 238, 9.9.2010, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis (an 'Comhaontú'), foráiltear do chomhar cómhalartach idir údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus na hIorua, ar an taobh eile, a bhaineann le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. Mar réamhriachtanas don chomhar sin, ní mór don Iorua na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór don Aontas meastóireacht a dhéanamh uirthi.

2. Tá an Comhaontú ina cheangal ar an Aontas agus ar a Bhallstáit de bhua Chinneadh (AE) 2010/482, Cinneadh a bhfuil Airteagail 82(1)(d) agus 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina bhunús dlí substainteach aige.

3. I gcomhréir le hAirteagal 8(9) den Chomhaontú, ní sholáthróidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gComhaontú sin go dtí go mbeidh forálacha Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB[2] ón gComhairle curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta na hIorua. Chun a fhíorú an amhlaidh cás na hIorua, déanfar cuairt mheastóireachta agus triail phíolótach i leith na hIorua, cosúil leo sin a tugadh i gcrích i leith na mBallstát de bhun Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle[3].

---

2 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

3 Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).



PUBLIC

4. Le hAirteagal 8(10) den Chomhaontú, tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle d'fhonn an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Iorua de bhun an Chomhaontaithe a chinneadh.

5. An 17 Samhain 2021, chuir an Chomhairle chuig an Iorua ceistneoirí a bhaineann le cosaint sonraí agus malartú uathoibríoch próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. An 15 Meitheamh 2022, chuir an Iorua a cuid freagraí ar na ceistneoirí a bhaineann le cosaint sonraí agus malartú uathoibríoch próifílí DNA ar fáil don Chomhairle, agus an 17 Samhain 2022 chuir sí a cuid freagraí ar na ceistneoirí a bhaineann le sonraí dachtalascópacha agus le sonraí clárúcháin feithiclí ar fáil di. An 16 Meán Fómhair 2022, cuireadh na freagraí a bhaineann le cosaint sonraí i láthair na Comhairle. An 10 Samhain 2022, cuireadh na freagraí a bhaineann le malartú uathoibríoch próifílí DNA i láthair na Comhairle, agus an 1 Nollaig 2022 cuireadh na freagraí sin a bhaineann le sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí ina láthair. Ina dhiaidh sin, tugadh na freagraí sin don fhoireann measúnaithe fhreagrach.

6. An 9 agus an 10 Márta 2023, rinneadh meastóireacht ar an Iorua maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile.
An 27 agus an 28 Aibreán 2023, rinneadh meastóireacht ar an Iorua maidir le sonraí clárúcháin feithiclí a chuardach agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

7. Tráth a rinneadh na meastóireachtaí maidir le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí a chuardach agus comparáid a dhéanamh eatarthu, rinne an Iorua, in éineacht leis an Ostair, triail phíolótach rathúil le haghaidh gach ceann de na meastóireachtaí sin.

8. An 15 Bealtaine 2023, cuireadh tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta, ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí, faoi bhráid na Comhairle. Ba é ba chonclúid don tuarascáil mheastóireachta go bhféadfaí a mheas gur cuireadh cur chun feidhme an fheidhmchláir uathoibrithe sonraí agus an tsreafa faisnéise uathoibrithe a bhaineann leis sin i gcrích go rathúil san Iorua, ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon.

PUBLIC

9. Ós rud é gur chomhlíon an Iorua na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8 den Chomhaontú, ba cheart an Iorua a bheith i dteideal sonraí pearsanta a fháil de bhun an Chomhaontaithe.

10. Tá an Comhaontú ina cheangal ar Éirinn de bhua Chinneadh (AE) 2010/482 agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur chun feidhme an Chinnidh seo, ar leis a chuirtear an Comhaontú chun feidhme.

11. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun cuardach uathoibrithe agus comparáid a dhéanamh ar phróifílí DNA, ar shonraí dachtalascópacha agus ar shonraí cláraithe feithiclí, féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Iorua de bhun an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis amhail ón …

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*



PUBLIC